

**TREOIRLÍNTE CEANGAIL
DO CHAINTEOIRÍ LE
hAGHAIDH CRUINNITHE
ILTEANGACHA CIANDA**


CAITHFIDH SIAD SEO A BHEITH AGAT:

1.



Feiste agus brabhsálaí

Chun páirt a ghlacadh i gcruinniú, teastóidh ceann acu seo uait:



iPad atá luchtaithe go hiomlán agus nuashonraithe, le brabhsálaí Safari



NÓ



Ríomhaire pearsanta (Apple san áireamh), le brabhsálaí Chrome (v.69 nó os a chionn).



Déan cinnte go bhfuil **nasc idirlín cobhsaí** ann do d'fheiste agus go bhfuil an **cadhnra ag 100%**. Más féidir é, ná bíodh **aon fheiste eile** nasctha le do ghréasán WiFi. Déan cinnte, le do thoil, go bhfuil d'fheiste **cothrom le dáta** agus go bhfuil **na feidhmchláir chúlra múchta**.




Download Chrome



Tabhair do d'aire: moltar gan ceangal a dhéanamh tríd an teileafón. Ní móide go n-oibreoidh fotha físeáin ar theileafón.

CAITHFIDH SIAD SEO A BHEITH AGAT:

2.



Cluasáin agus micreafón

Chun caighdeán maith fuaime a chinntiú, bain úsáid le do thoil as **fearas cinn sreangaithe** nó as **cluasáin sreangaithe le micreafón**.


Ná húsáid cluasáin gan sreang (amhail AirPods): cruthaíonn siad sin trasnaíocht bhreise agus bíonn fadhbanna ceangail leo. Ná dearmad gach foláireamh fuaime a mhúchadh ar d'fheiste (ríomhphoist isteach etc.).

3.



Nasc chuig an gcruinniú ón eagraí

e.g. <https://panel.interactio.io/join/b7gh6s5l>



FPEнна: Úsáid an nasc
Participant (Rannpháirtí)
Foireann & CPCanna: Úsáid
an nasc **Viewer (Breathnóir)**

CEANGAIL LEIS AN gCRUINNIÚ:



Déan an ceangal, le do thoil, ar a laghad **45 nóiméad roimh an gcruinniú** ionas go mbeidh a ndóthain ama ag na háisitheoirí chun an **nasc a thástáil** agus chun deis a thabhairt don **Fhoireann tacaíochta TF** cabhrú leat fadhbanna a réiteach.

1. Cliceáil ar an **nasc sa chuireadh chun cruinnithe** a tháinig ón eagraí.

e.g. <https://panel.interactio.io/join/b7gh6s5l>

2. Cuir isteach do sheoladh **ríomhphoist PE** agus cliceáil ar **NEXT** (Ar aghaidh).

Email

NEXT

3. Comhlánaigh **céadainm** agus **sloinne** agus cliceáil ar **LET'S GO** (Seo linn).

First name

Last name




LET'S GO

CEANGAIL LEIS AN gCRUINNIÚ:


4. Nuair a iarrtar ort é, cliceáil ar **Allow** (Ceadaigh) faoi dhó chun rochtain a thabhairt don **mhicreafón** agus don **cheamara**.




Céim fhíorthábhachtach: mura ndéanann tú é sin, ní bheidh tú in ann labhairt ag an gcruinniú.



5. Cliceáil ar **Join** (Ceangail).



6. Tá tú ag an gcruinniú anois.



FEICFIDH TÚ É SEO:

LOGOUT

DEVICE SETTINGS

AUDIO CHANNEL SELECTOR

English (English)

Ready

114

POLL

CONFERENCE ROOM

00:38

ROOM 2Q2

REMOTE PARTICIPANTS

KYRIAKIDES STELLA

CAMERA

RAISE HAND

SPEAK

CHAT

AGRI COMMITTEE MEETING - 2Q2

caméra mais je tombe sur votre messagerie. Vous pouvez me rappeler si vous souhaitez un support technique pour votre connexion [IT Support Thomas] 05:08 PM

ROOM 2Q2 @VAUCELLE AURELIEN Do you use an IPAD? 05:18 PM

VAUCELLE AURÉLIEN No I'm on my regular computer in EP 05:19 PM

VAUCELLE AURÉLIEN But I'll use the webstreaming, I just need to listen... 05:22 PM

SOJDOVA MICHAELA Hello everybody, I am ready 05:25 PM

RONDINELLI DANIELA The 05:28 PM




Enter your message

OK YES NO READY

ROGHNAIGH DO THEANGA:


1. Cliceáil ar **Audio Channel Selector** (Roghnóir an Chainéil Fuaime) chun an teanga is fearr leat don chruinniú a roghnú. Cuirtear ateangaireacht ar fáil sna teangacha atá le feiceáil sa roghnúchán seo.

2. Roghnaigh do **chainéal teanga**.





LABHAIRT AG AN gCRUINNIÚ:



1. Cuir in iúl don áisitheoir gur mhaith leat labhairt trí chliceáil ar **RAISE HAND** (Ardaigh do lámh). Nuair atá an cnaipe buí, tá do lámh ardaithe agus é sin curtha in iúl don Chathaoirleach.



2. Fan go dtí go dtabharfaidh an t-áisitheoir/Cathaoirleach cead cainte duit.
3. Nuair a beidh **cead cainte tugtha duit ag an áisitheoir**, tiocfaidh dath gorm ar an gcnaipe **SPEAK** (Labhair).



4. Brúigh an cnaipe **SPEAK** uair amháin agus **fan 3 soicind** leis an gceangal. Tagann dath dearg ar an gcnaipe **SPEAK**: beidh tú le feiceáil ar scáileáin an chruinnithe agus ar fheistí na rannpháirtithe cianda.



LE DO THOIL, LÉIGH ÁR DTREOIR MAIDIR LE:
MOLTAÍ DO CHAINTEOIRÍ LE CIANROCHTAIN

BAIN TAITNEAMH AS

AN gCRUINNIÚ.